Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0398(COD)

3.5.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais
(COM(2022)0684 – C9-0401/2022 – 2022/0398(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Sophia in 't Veld

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais
(COM(0022)0684 – C9-0401/2022 – 2022/0398(COD))

An gnáthnós imeachta reachtach: (an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(0022)0684),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0401/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Chun bearta sriantacha an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, teastaíonn sainmhínithe coiriúla comhchoiteanna ar iompar lena sáraítear bearta sriantacha an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur cion coiriúil é an t-iompar sin nuair a dhéantar é le hintinn agus le faillí ***thromchúiseach***, i gcás inarbh eol don duine nádúrtha nó don duine dlítheanach, nó inar cheart gurbh eol dó, go sáródh a n-iompar bearta sriantacha an Aontais.	(4) Chun bearta sriantacha an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, teastaíonn sainmhínithe coiriúla comhchoiteanna ar iompar lena sáraítear bearta sriantacha an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur cion coiriúil é an t-iompar sin nuair a dhéantar é le hintinn agus le faillí, i gcás inarbh eol don duine nádúrtha nó don duine dlítheanach, nó inar cheart gurbh eol dó, go sáródh a n-iompar bearta sriantacha an Aontais.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ba cheart gairmithe dlí, arna sainiú ag na Ballstáit, a bheith faoi réir na Treorach seo, lena n-áirítear an oibleagáid an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a thuairisciú, agus seirbhísí á soláthar acu i gcomhthéacs gníomhaíochtaí gairmiúla, amhail seirbhísí dlí, airgeadais agus trádála. Is léir ón taithí atá faighte go bhfuil baol soiléir ann go mbainfear mí-úsáid as seirbhísí na ngairmithe dlí sin chun bearta sriantacha de chuid an Aontais a shárú. Ba cheart, áfach, go mbeadh díolúintí ann ó aon oibleagáid tuairisciú a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear i dtaca le himeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána, cibé acu roimh imeachtaí breithiúnacha, lena linn nó ina ndiaidh, nó le linn staid dhlíthiúil cliaint a fhionnadh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh comhairle dlí sna himthosca sin fós faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla, ach amháin i gcás ina bhfuil an gairmí dlí ag glacadh páirt sa sárú	(7) Ba cheart gairmithe dlí, arna sainiú ag na Ballstáit, a bheith faoi réir na Treorach seo, lena n-áirítear an oibleagáid an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a thuairisciú, agus seirbhísí á soláthar acu i gcomhthéacs gníomhaíochtaí gairmiúla, amhail seirbhísí dlí, airgeadais agus trádála. Is léir ón taithí atá faighte go bhfuil baol soiléir ann go mbainfear mí-úsáid as seirbhísí na ngairmithe dlí sin chun bearta sriantacha de chuid an Aontais a shárú. Ba cheart, áfach, go mbeadh díolúintí ann ó aon oibleagáid tuairisciú a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear i dtaca le himeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána, cibé acu roimh imeachtaí breithiúnacha, lena linn nó ina ndiaidh, nó le linn staid dhlíthiúil cliaint a fhionnadh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh comhairle dlí sna himthosca sin fós faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla, ach amháin i gcás ina bhfuil an gairmí dlí ag glacadh páirt sa sárú

ar bhearta sriantacha an Aontais, ina soláthraítear an chomhairle dlí chun bearta sriantacha an Aontais a shárú, nó ina bhfuil a fhios ag an ngairmí dlí go bhfuil an cliant ag lorg comhairle dlí chun bearta sriantacha an Aontais a shárú. Is féidir eolas a bhunú ar chúinsí oibiachtúla fíorasacha.	ar bhearta sriantacha an Aontais, ina soláthraítear an chomhairle dlí chun bearta sriantacha an Aontais a shárú, nó ina bhfuil a fhios ag an ngairmí dlí ***nó ina bhfuil cúiseanna ag an ngairmí dlí a chreidiúint*** go bhfuil an cliant ag lorg comhairle dlí chun bearta sriantacha an Aontais a shárú. Is féidir eolas a bhunú ar chúinsí oibiachtúla fíorasacha.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ós rud é go bhfuil daoine dlítheanacha faoi réir bhearta sriantacha an Aontais freisin, ba cheart daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas coiriúil mar gheall ar chionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo. Na Ballstáit sin nach ndéantar foráil lena ndlí náisiúnta maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar foráil lena gcórais smachtbhannaí riaracháin maidir le cineálacha agus leibhéil ***pionós*** atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach.	(11) Ós rud é go bhfuil daoine dlítheanacha faoi réir bhearta sriantacha an Aontais freisin, ba cheart daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas coiriúil mar gheall ar chionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo. Na Ballstáit sin nach ndéantar foráil lena ndlí náisiúnta maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar foráil lena gcórais smachtbhannaí riaracháin maidir le cineálacha agus leibhéil ***smachtbhannaí*** atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach.
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Ba cheart tuilleadh comhfhogasaithe agus éifeachtachta maidir	(12) Ba cheart tuilleadh comhfhogasaithe agus éifeachtachta maidir

le leibhéil na bpionós a fhorchuirtear sa chleachtas a chothú trí imthosca géaraitheacha coiteanna lena léirítear déine na coire a rinneadh. Ba cheart coincheap na n-imthosca géaraitheacha a thuiscint mar fhíricí trínar féidir le breitheamh náisiúnta nó cúirt pianbhreith níos airde a fhógairt i leith an chiona chéanna ná an ceann a tabhaíodh gan na fíricí sin, nó mar fhéidearthacht roinnt cionta a choimeád go carnach chun leibhéal an phionóis a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfadh ***ceann amháin ar a laghad de na himthosca*** géaraitheacha ***sin*** a bheith ann i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme arna mbunú lena gcóras dlí maidir le himthosca géaraitheacha. In aon chás, ba cheart go mbeadh sé fós faoi rogha an bhreithimh nó na cúirte a chinneadh an méadófar an phianbhreith, agus imthosca uile an cháis aonair á gcur san áireamh.	le leibhéil na bpionós a fhorchuirtear sa chleachtas a chothú trí imthosca géaraitheacha coiteanna lena léirítear déine na coire a rinneadh. Ba cheart coincheap na n-imthosca géaraitheacha a thuiscint mar fhíricí trínar féidir le breitheamh náisiúnta nó cúirt pianbhreith níos airde a fhógairt i leith an chiona chéanna ná an ceann a tabhaíodh gan na fíricí sin, nó mar fhéidearthacht roinnt cionta a choimeád go carnach chun leibhéal an phionóis a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfadh ***imthosca*** géaraitheacha a bheith ann i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme arna mbunú lena gcóras dlí maidir le himthosca géaraitheacha. In aon chás, ba cheart go mbeadh sé fós faoi rogha an bhreithimh nó na cúirte a chinneadh an méadófar an phianbhreith, agus imthosca uile an cháis aonair á gcur san áireamh.
	Or. en
Leasú 5	
Togra le haghaidh Treorach **Aithris 19**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach ar sháruithe ar bhearta sriantacha an Aontais a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát oibriú i gcomhar le Europol, le Eurojust agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE). Ba cheart do na húdaráis inniúla sin faisnéis a chomhroinnt lena chéile agus leis an gCoimisiún maidir le saincheisteanna praiticiúla.	(19) Chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach ar sháruithe ar bhearta sriantacha an Aontais a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát oibriú i gcomhar le Europol, le Eurojust agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE). Ba cheart do na húdaráis inniúla sin faisnéis a chomhroinnt lena chéile agus leis an gCoimisiún maidir le saincheisteanna praiticiúla. ***Chun críocha na Treorach seo agus d'ainneoin síneadh féideartha ar inniúlacht OIPE, ba cheart d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus d'údaráis na mBallstát atá***

	rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE comhoibriú go dlúth le leibhéil lárnacha agus dhíláraithe OIPE. Ba cheart dóibh, go háirithe, na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2017/1939 a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil OIPE inniúil i leith cionta coiriúla as sárú ar bhearta sriantacha an Aontais toisc gur cionta iad a bhaineann le rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil nó gur cionta coiriúla iad a bhfuil dlúthbhaint acu leis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2017/1939.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Raon feidhme ***agus sainmhínithe***	Raon feidhme

Or. en

Réasúnú

Airteagail ar leithligh maidir le raon feidhme agus maidir le sainmhínithe

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2a
	Sainmhínithe

Or. en

Réasúnú

Airteagail ar leithligh maidir le raon feidhme agus maidir le sainmhínithe

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 2 – pointe h – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht, i seilbh, nó faoi rialú duine, eintitis nó comhlacht ainmnithe ***a cheilt***, ar cheart iad a reo i gcomhréir le beart sriantach de chuid an Aontais, ***trí*** na cistí sin, nó trí ***na hacmhainní eacnamaíocha sin a aistriú chuig tríú páirtí***;	(i) cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht, i seilbh, nó faoi rialú duine, eintitis nó comhlacht ainmnithe, ar cheart iad a reo i gcomhréir le beart sriantach de chuid an Aontais, ***a bhogadh, a aistriú, a athrú, a úsáid, a rochtain, a láimhseáil, a dhíol, a fhruiliú nó a mhorgáistiú ar bhealach as a dtiocfaidh athrú ar thoirt, méid, suíomh, úinéireacht, seilbh, carachtar nó ceann scríbe*** na ***gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha sin nó aon athrú eile lena bhféadfaí na*** cistí ***agus na hacmhainní*** sin ***a úsáid***, ***lena n-áirítear ag tríú páirtí*** nó trí ***bhainistiú punainne***;

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Beidh an t-iompar dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) go (g) ina chion coiriúil freisin má dhéantar le faillí ***thromchúiseach*** é.	(3) Beidh an t-iompar dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) go (g) ina chion coiriúil freisin má dhéantar le faillí é.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ní mheasfar go bhforchuirtear le haon ní i mír 2 oibleagáid ar ghairmithe dlí tuairisciú a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear i dtaca le himeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána amháin, bíodh sé sin roimh imeachtaí breithiúnacha, lena linn nó ina ndiaidh, nó le linn staid dhlíthiúil cliaint a fhionnadh. Déanfar comhairle dlí sna himthosca sin a chosaint le rúndacht ghairmiúil, ach amháin i gcás ina bhfuil an gairmí dlí ag glacadh páirt sa sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, ina soláthraítear an chomhairle dlí chun ***críocha*** bearta sriantacha an Aontais a shárú, nó ina bhfuil a fhios ag an ngairmí dlí go bhfuil an cliant ag lorg comhairle dlí chun bearta sriantacha an Aontais a shárú.	(5) Ní mheasfar go bhforchuirtear le haon ní i mír 2 oibleagáid ar ghairmithe dlí tuairisciú a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear i dtaca le himeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána amháin, bíodh sé sin roimh imeachtaí breithiúnacha, lena linn nó ina ndiaidh, nó le linn staid dhlíthiúil cliaint a fhionnadh. Déanfar comhairle dlí sna himthosca sin a chosaint le rúndacht ghairmiúil, ach amháin i gcás ina bhfuil an gairmí dlí ag glacadh páirt sa sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, ina soláthraítear an chomhairle dlí chun bearta sriantacha an Aontais a shárú, nó ina bhfuil a fhios ag an ngairmí dlí ***nó ina bhfuil cúiseanna ag an ngairmí dlí a chreidiúint*** go bhfuil an cliant ag lorg comhairle dlí chun bearta sriantacha an Aontais a shárú.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ***chun a*** áirithiú go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3***(2), pointí (h)(iii), (iv)*** agus ***(v),*** inphionóis le pionós uasta bliana príosúnachta ar a laghad i gcás ina bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha dar luach EUR 100 000 ar a laghad i gceist leo. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar an tairseach EUR 100 000 nó níos mó a bhaint amach freisin trí shraith cionta nasctha dá dtagraítear in Airteagal	(3) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ***lena*** áirithiú go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus ***in Airteagal 4*** inphionóis le pionós uasta ***cúig*** bliana príosúnachta ar a laghad i gcás ina bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha dar luach EUR 100 000 ar a laghad i gceist leo. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar an tairseach EUR 100 000 nó níos mó a bhaint amach freisin trí shraith cionta nasctha dá dtagraítear in Airteagal 3(2)

3(2)***, pointí (h)(iii), (iv) agus (v),*** nuair is é an ciontóir céanna a dhéanann iad.	nuair is é an ciontóir céanna a dhéanann iad.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointí (a) go (g), (h)(i) agus (ii), agus pointe (i) inphionóis le pionós uasta cúig bliana príosúnachta ar a laghad i gcás ina bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha dar luach EUR 100 000 ar a laghad i gceist leo. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an ciontóir céanna an tairseach EUR 100 000 nó níos mó a bhaint amach trí shraith cionta nasctha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointí (a) go (g), (h)(i) agus (ii), agus pointe (i).	***scriosta***

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá lena áirithiú go bhféadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 déanta acu a bheith faoi réir pionóis bhreise. Áireofar leis na pionóis bhreise sin fíneálacha.	(5) Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá lena áirithiú go bhféadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 déanta acu a bheith faoi réir pionóis bhreise. Áireofar leis na pionóis bhreise sin fíneálacha ***uasta dar luach EUR 10 000 000 ar a laghad i gcás ina bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha dar luach EUR 100 000 ar***

a laghad i gceist leis na cionta sin.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Pionóis ar dhaoine dlítheanacha	***Smachtbhannaí*** ar dhaoine dlítheanacha

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh duine dlítheanach a chuirtear faoi dhliteanas de bhun ***Airteagal 7*** faoi réir ***pionóiséifeachtacha***, chomhréireacha agus athchomhairleacha, agus áireofar orthu sin fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla, eisiamh ón teidlíocht chun sochar poiblí nó chun cabhrach poiblí, eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais agus féadfar ***pionóis*** eile a áireamh orthu, amhail:	(1) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh duine dlítheanach a chuirtear faoi dhliteanas de bhun ***Airteagal 6*** faoi réir ***smachtbhannaí éifeachtacha***, chomhréireacha agus athchomhairleacha, agus áireofar orthu sin fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla, eisiamh ón teidlíocht chun sochar poiblí nó chun cabhrach poiblí, eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais agus féadfar ***smachtbhannaí*** eile a áireamh orthu, amhail:

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás daoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal ***7***, go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(2)***, pointí (h) (iii) go (v),*** inphionóis le fíneálacha, ar cheart nach lú a n-uasteorainn ná ***1*** faoin gcéad de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fíneála.	(2) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás daoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal ***6***, go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(2) inphionóis le fíneálacha, ar cheart nach lú a n-uasteorainn ná ***15*** faoin gcéad de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fíneála.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás daoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 7, go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointí (a) go (f), (h)(i) agus (ii), agus pointe (i), inphionóis le fíneálacha, ar cheart nach lú a n-uasteorainn ná 5 faoin gcéad de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fíneála.	***scriosta***

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas ina gcuid de chomhghnéithe na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 cheana féin, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go bhféadfar ceann ***amháin nó níos mó*** de na himthosca seo a leanas a mheas mar imthosca géaraitheacha:	A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas ina gcuid de chomhghnéithe na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 cheana féin, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go bhféadfar ceann de na himthosca seo a leanas a mheas mar imthosca géaraitheacha:

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) bhain an cion le doiciméid bhréagacha nó doiciméid bhrionnaithe a úsáid;

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) gur soláthraí seirbhíse gairmiúil a rinne an cion de shárú ar ***a*** oibleagáidí gairmiúla;	(b) gur soláthraí seirbhíse gairmiúil a rinne an cion de shárú ar oibleagáidí gairmiúla ***an tsoláthraí sin***;

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) mar gheall ar an gcion gineadh nó bhíothas ag dréim leis go nginfí sochair shuntasacha airgeadais, nó seachnaíodh costais shuntasacha, go díreach nó go hindíreach;

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(db) cuireann an ciontóir bac gníomhach ar chigireacht, ar rialuithe nó ar ghníomhaíochtaí imscrúdaithe, díothaíonn sé nó sí fianaise, nó cuireann finnéithe nó gearánaigh faoi imeagla nó cuireann isteach orthu;

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(db) ní thugann an ciontóir cúnamh d'údaráis iniúchta ná d'údaráis forfheidhmiúcháin eile nuair a cheanglaítear é sin go dlíthiúil;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe d d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(dd) i gcás eintitis dhlíthiúla, ba iad an lucht bainistíochta sinsearach a rinne an cion, nó ba cheart do leibhéal an lucht bainistíochta sinsearach a bheith feasach go réasúnach faoin gcion a rinneadh.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) pionós príosúnachta i gcás cion coiriúil is inphionóis le pionós uasta ar ***ceithre*** bliana príosúnachta ar a laghad é,	(b) pionós príosúnachta i gcás cion coiriúil is inphionóis le pionós uasta ar ***cúig*** bliana príosúnachta ar a laghad é,

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh ***na Ballstáit na bearta is gá chun sásraí iomchuí*** a bhunú ***maidir le comhordú*** agus ***comhar*** ar an leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil i measc ***a*** n-údarás inniúil riaracháin, forfheidhmithe dlí agus breithiúnach go léir.	***1.*** Déanfaidh ***gach Ballstát aonad tiomnaithe*** a bhunú ***chun críche comhordúcháin*** agus ***comhair*** ar an leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil i measc ***na*** n-údarás inniúil riaracháin, forfheidhmithe dlí agus breithiúnach go léir ***laistigh de Bhallstát***.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh na ***sásraí sin dírithe ar an méid*** seo a leanas ***ar a laghad***:	***2. Na haonaid thiomnaithe dá dtagraítear i mír 1,*** beidh na ***cúraimí*** seo a leanas ***orthu***:

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tosaíochtaí coiteanna agus tuiscint ar an ngaol idir forfheidhmiú coiriúil agus forfheidhmiú riaracháin a áirithiú;	(a) ***chun*** tosaíochtaí coiteanna agus tuiscint ar an ngaol idir forfheidhmiú coiriúil agus forfheidhmiú riaracháin a áirithiú;

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***malartú faisnéise*** chun críocha straitéiseacha agus oibríochtúla;	(b) ***faisnéis a mhalartú*** chun críocha straitéiseacha agus oibríochtúla;

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***comhairliúchán*** in imscrúduithe aonair;	(c) ***lena rachfar i gcomhairle*** in imscrúduithe aonair;

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***malartú dea-chleachtas***;	(d) ***dea-chleachtais a mhalartú***;

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) cúnamh do líonraí cleachtóirí a oibríonn ar ábhair a bhaineann le himscrúdú agus ionchúiseamh cionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais.	(e) cúnamh ***a thabhairt*** do líonraí cleachtóirí a oibríonn ar ábhair a bhaineann le himscrúdú agus ionchúiseamh cionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais, an t-áitreabh agus an bonneagar is gá chun sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Gan dochar do na rialacha maidir le comhar trasteorann agus cúnamh dlíthiúil frithpháirteach in ábhair choiriúla, rachaidh ***údaráis*** na mBallstát, Europol, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Coimisiún i mbun comhar lena chéile, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, sa chomhrac i gcoinne na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4. Chuige sin, soláthróidh an Coimisiún, agus i gcás inarb iomchuí, Europol agus Eurojust, cúnamh teicniúil agus oibríochtúil chun comhordú imscrúduithe agus ionchúiseamh ag na húdaráis inniúla a éascú.	(1) Gan dochar do na rialacha maidir le comhar trasteorann agus cúnamh dlíthiúil frithpháirteach in ábhair choiriúla, rachaidh ***aonaid thiomnaithe náisiúnta*** na mBallstát ***arna mbunú in [Airteagal 13]***, Europol, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Coimisiún i mbun ***cruinniú lena chéile i bhformáid struchtúrtha chun dul i mbun comhordú agus i mbun*** comhar lena chéile, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, sa chomhrac i gcoinne na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4. Chuige sin, soláthróidh an Coimisiún, agus i gcás inarb iomchuí, Europol agus Eurojust, cúnamh teicniúil agus oibríochtúil chun comhordú imscrúduithe agus ionchúiseamh ag na húdaráis inniúla a éascú.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus údaráis na mBallstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE, tuairisceoidh siad do OIPE gan moill mhíchuí aon iompar coiriúil a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22, Airteagal 25(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2017/1939.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18a
	Staidreamh
	1. Baileoidh agus coimeádfaidh na Ballstáit staitisticí cuimsitheacha ar an leibhéal náisiúnta maidir leis na bearta arna ndéanamh faoin Treoir seo.
	2. Gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, déanfaidh na Ballstáit, ar bhonn bliantúil, faoi mhí Mheán Fómhair na bliana dár gcionn, an staidreamh seo a leanas maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ar staidreamh é a shonraítear de réir chineál bheart sriantach an Aontais:
	(a) an líon imeachtaí coiriúla arna seoladh;
	(b) an líon imeachtaí coiriúla arna ndíbheadh;

(c) an líon imeachtaí coiriúla a bhfuil éigiontú mar thoradh orthu;

(d) an líon imeachtaí coiriúla a bhfuil ciontú mar thoradh orthu;

(e) an líon imeachtaí coiriúla atá ar siúl faoi láthair;

(f) meánfhad ama na n-imeachtaí coiriúla;

(g) luach na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha arna reo

(h) luach na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha arna n-urghabháil.

Áireofar freisin sa staidreamh a bheidh le tíolacadh cineálacha agus leibhéil na bpionós agus na smachtbhannaí arna bhforchur mar gheall ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le [hAirteagal 18b] a bhaineann le bunú rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfaisnéis atá le bailiú agus maidir leis an modheolaíocht chun an staidreamh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhailiú agus maidir leis na socruithe chun iad a tharchur chuig an gCoimisiún.

4. Cuirfidh an Coimisiún an staidreamh sin ar fáil go poiblí ar bhonn bliantúil.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18b
	An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in [Airteagal 18a] a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in [Airteagal 18a] a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfar difear leis do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun [Airteagal 18a] i bhfeidhm ach amháin mura mbíonn aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse [dhá mhí] tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl

	don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú [dhá mhí] ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Gan dochar d'oibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, déanfaidh na Ballstáit, ar bhonn bliantúil, an staidreamh seo a leanas maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 a chur faoi bhráid an Choimisiúin:	***scriosta***
(a) líon na n-imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh, a díbheadh, a raibh éigiontú mar thoradh orthu, a raibh ciontú mar thoradh orthu agus líon na n-imeachtaí coiriúla atá ar siúl fós;	
(b) cineálacha agus leibhéil na bpionós a fhorchuirtear mar gheall ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais.	

Or. en

Réasúnú

Cumhdaithe in airteagal ar leithligh maidir le staidreamh

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Cuirfidh na Ballstáit na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 faoi bhráid an Choimisiúin trí úsáid a bhaint as na huirlisí tiomnaithe tuairiscithe a bhunaigh an Coimisiún chun tuairisciú a dhéanamh i réimse na mbeart sriantach.	***scriosta***

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Faoin [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta – cúig bliana tar éis dhul in éag na tréimhse trasuí], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thionchar na Treorach seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú.	(4) Faoin [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta – cúig bliana tar éis dhul in éag na tréimhse trasuí], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thionchar na Treorach seo***,*** agus ***an staidreamh bliantúil arna sholáthar ag na Ballstáit á chur san áireamh, agus*** cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle***, a chuirfear ar fáil go poiblí***. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú. ***Ar bhonn na meastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha iomchuí, lena n-áirítear, más gá, togra reachtach.***

Or. en